AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2020
COM(2020) 488 final

2020/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/510 ón gComhairle

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo leis an gCinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh ("Coinbhinsiún NEAFC") i dtaca le haontachas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") - ina ceart féin le linn na hidirthréimhse - leis an gCoinbhinsiún sin.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Chomhairle Eorpach á rá go raibh rún aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe caibidlíocht ar chomhaontú um tharraingt siar de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar[1] i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, tar éis dó a bheith comhaontaithe an 17 Deireadh Fómhair 2019, mar aon leis an Dearbhú Polaitiúil lena leagtar amach an creat le haghaidh chomhpháirtíocht an Aontais agus na Ríochta Aontaithe amach anseo.

Le hAirteagal 127(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, foráiltear d'idirthréimhse ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, ("idirthréimhse"). Tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse an 31 Nollaig 2020. Foráiltear le hAirteagal 129(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh an Ríocht Aontaithe faoi cheangal ag na hoibleagáidí a eascraíonn ó na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, ag na Ballstáit atá ag gníomhú thar a cheann, nó ag an Aontas agus a Bhallstáit ag gníomhú go comhpháirteach dóibh. Foráiltear le hAirteagal 129(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, nach mór don Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, staonadh ó aon ghníomhaíocht nó tionscnamh ar dóigh di nó dó dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, go háirithe faoi chuimsiú aon eagraíocht, aon ghníomhaireacht, aon chomhdháil nó aon fhóram idirnáisiúnta ina bhfuil an Ríocht Aontaithe ina páirtí ina ceart féin.

Chuir an tAontas a chomhpháirtithe idirnáisiúnta ar an eolas maidir leis na comhaontuithe sonracha dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar agus faoina gcaithfear leis an Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, mar Bhallstát chun críocha na gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas.

Is é is príomhchuspóir do Choinbhinsiún NEAFC "caomhnú acmhainní iascaigh limistéar an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu a chur chun cinn laistigh de chreat atá iomchuí maidir le córas dlínse stáit cósta breise ar iascaigh, agus dá réir sin comhar idirnáisiúnta agus comhairliúchán i dtaca leis na hacmhainní sin a spreagadh". Tháinig Coinbhinsiún NEAFC i bhfeidhm an 17 Márta 1982. Tá an Ríocht Aontaithe ina Taiscí le haghaidh Choinbhinsiún NEAFC.

Tháinig Coinbhinsiún NEAFC 1982 in ionad an Choinbhinsiúin bhunaidh um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh 1959, mar thoradh ar tharraingt siar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mar bhallstáit aonair ó eagraíocht NEAFC 1963 agus ar fhadú ar theorainneacha iascaireachta i gcás na Stát go dtí 200 míle in 1977. Bhí Coinbhinsiún NEAFC 1959, dá réir sin, tagtha in

[1] Comhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1.

ionad Choinbhinsiún 1946 maidir le Rialáil Mogall Líonta Iascaireachta agus Teorainneacha Méide Iasc.

Leasaíodh Coinbhinsiún NEAFC 1982 in 2004 (nuair a cuireadh isteach nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí) agus in 2006 (nuair a tugadh Coinbhinsiún NEAFC i gcomhréir le forbairtí sa dlí agus in ionstraimí idirnáisiúnta). Níl próiseas iomlán an daingniúcháin maidir le gach Páirtí Conarthach déanta ar leasuithe 2004 agus 2006. Trí "Dhearbhú Londain" 2006, chomhaontaigh na Páirtithe na leasuithe a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach go dtí go mbeadh an daingniú tugtha i gcrích.

Chun críocha Choinbhinsiún NEAFC, bhunaigh na Páirtithe Conarthacha an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh ("NEAFC"). Tá pearsantacht dhlítheanach ag NEAFC agus i ndáil leis na caidrimh atá aige le heagraíochtaí idirnáisúnta eile agus i gcríocha na bPáirtithe Conarthacha, tá an inniúlacht dhlítheanach aige is gá chun a chuid feidhmeanna a fheidhmiú agus a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Tá cúig Pháirtí Chonarthacha ann, ar Stáit chósta iad go léir atá i Limistéar Choinbhinsiúin NEAFC: an tAontas Eorpach (AE), an Danmhairg (maidir le Oileáin Fharó agus an Ghraonlainn), an Íoslainn, an Iorua agus Cónaidhm na Rúise. Is féidir stádas Páirtí Neamhchonarthaigh Chomhoibríoch a dheonú do Stáit Brataí a bhfuil fíorshuim acu in iascach san Atlantach Thoir Thuaidh, rud a chuirfeadh ar a gcumas soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu a údarú chun feidhmiú i Limistéar Choinbhinsiún NEAFC a fhad is a aontaíonn siad bearta NEAFC a fhorfheidhmiú. Faoi láthair, tá sé Pháirtí Neamhchonarthacha Chomhoibríocha ann: na Bahámaí, Ceanada, Cúrasó, an Libéir, Panama agus an Nua-Shéalainn.

Tá an tAontas Eorpach ina Pháirtí i gCoinbhinsiún NEAFC[2] mar go dtagann an t-ábhar atá ann faoi raon feidhme an Chomhbeartais Iascaigh, ar ina leith a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas. Cumhdaítear na Ballstáit le Coinbhinsiún NEAFC de bhun dhlí an Aontais.

Is é NEAFC an eagraíocht inniúil chun moltaí a ghlacadh le haghaidh bearta bainistíochta a bhaineann le hiascach a théann thar na limistéir iascaigh atá faoi dhlínse na bPáirtithe Conarthacha (an Limistéar Rialála), agus le haghaidh limistéir iascaigh atá faoi dhlínse na bPáirtithe Conarthacha má iarrann an Páirtí Conarthach ábhartha é sin. Bíonn moltaí glactha ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha mura ndéanann an Páirtí Conarthach agóid thráthúil maidir leis an moladh.

De réir Choinbhinsiún NEAFC, is féidir le haon Stát (seachas Ballstát den Aontas Eorpach), aontú don Choinbhinsiún tráth ar bith, ar choinníoll go dtugann trí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha uile formheas d'iarratas an Stáit sin ar aontachas. Formheastar an t-iarratas, más rud é, laistigh de 90 lá ó dháta an fhógra, go dtugann trí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha fógra don Taiscí maidir lena bhformheas ar an iarratas[3]. Tabharfaidh an Taiscí fógra don Stát atá ag cur isteach ar aontachas agus do na Páirtithe Conarthacha go léir maidir le toradh an iarratais. Tiocfaidh an t-aontachas i bhfeidhm trí ionstraim aontachais a thaisceadh leis an Taiscí, agus beidh éifeacht leis ar an dáta a gheofar é.

An 8 Eanáir 2019, chuir an Ríocht Aontaithe iarratas isteach chun aontú do Choinbhinsiún NEAFC mar Pháirtí Conarthach. Ar an dáta céanna, thug an Taiscí fógra don Choimisiún Eorpach maidir leis sin.

---

2 IO L 227, 12.8.1981, lch. 21.

3 Maidir le hiarratas na Ríochta Aontaithe arna chur isteach an 8 Eanáir 2019, rachaidh an tréimhse 90 lá in éag an 8 Aibreán 2019.

Le Cinneadh (AE) 2019/510[4] ón gComhairle, leagadh síos seasamh an Aontais chun iarratas na Ríochta Aontaithe ar aontachas le Coinbhinsiún NEAFC a fhormheas agus an Coimisiún a údarú chun fógra a thabhairt do Thaiscí Choinbhinsiún NEAFC maidir le seasamh an Aontais sa chás gur tharraing an Ríocht Aontaithe siar gan comhaontú um tharraingt siar a bheith aici faoi dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 20(4) de Choinbhinsiún NEAFC.

Níor chomhlíon an t-iarratas ar aontachas ón Ríocht Aontaithe an formheas atá ag teastáil ó thrí cheathrú na bPáirtithe Conarthacha go léir: níor baineadh amach an córam de thrí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha atá ag teastáil chun an Taiscí a chur ar an eolas maidir lena bhformheas ar an iarratas.

I gcomhréir le hAirteagal 129(4) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, féadfaidh an Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, comhaontuithe idirnáisiúnta arna ndéanamh aici ina cáil féin a chaibidil, a shíniú agus a dhaingniú i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, ar choinníoll nach dtiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ná nach mbeidh feidhm acu le linn na hidirthréimhse, murar údaraigh an tAontas amhlaidh. Leagtar amach le Cinneadh ón gComhairle 2020/135[5] na coinníollacha agus an nós imeachta chun na húdaraithe sin a dheonú.

Trí bhíthin na litreach uaithi ón 3 Aibreán 2020, chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún Eorpach ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aici a toiliú a léiriú a bheith faoi cheangal ina cáil féin le linn na hidirthréimhse ag Coinbhinsiún NEAFC. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme XXX[6] ón gComhairle, údaraítear an Ríocht Aontaithe a toiliú a léiriú a bheith faoi cheangal ina cáil féin ag Coinbhinsiún NEAFC mar gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2020/135 ón gComhairle.

2. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an gCinneadh seo ón gComhairle, ba cheart go gcuirfear ar chumas an Choimisiúin, thar ceann an Aontais, aontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NEAFC a údarú, faoi dhul in éag na tréimhse fógra dá dtagraítear in Airteagal 20(4) de Choinbhinsiún NEAFC.

Ar cheann de phríomhchuspóirí an chomhbheartais iascaigh, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] "a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de agus go ndéantar iad a bhainistiú sa chaoi is go mbainfear amach leasanna eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta, go ndéanfar stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéal inar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, agus go gcuirfidh siad leis an soláthar bia".

Is chun leas an Aontais é go n-oibreoidh an Ríocht Aontaithe i gcomhar chun stoc éisc leasa choitinn a bhainistiú, i gcomhréir iomlán le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982[8] ("UNCLOS") agus Chomhaontú na Náisiún

---

4 Cinneadh (AE) 2019/510 ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh i dtaca leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe, IO L 85, 27.3.2019, lch. 22.

5 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 i dtaca le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

6 (IO L xxx, xxx, lch. xxx).

7 *IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.*

8 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.

Aontaithe maidir le cur chun feidhme Fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i dtaca le caomhnú agus bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach an 4 Lúnasa 1995[9] ("UNFA"), nó aon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó aon norm den dlí idirnáisiúnta.

De bhun Airteagail 56, 63 agus 116 de UNCLOS, tá leasanna iascaireachta dlisteanacha ag an Ríocht Aontaithe laistigh de Limistéar Coinbhinsiúin Choinbhinsiún NEAFC (mórmhuir) agus mar Stát cósta a mhéid a thagann na huiscí faoi limistéar eacnamaíoch eisiach na Ríochta Aontaithe laistigh de Limistéar Coinbhinsiúin Choinbhinsiún NEAFC.

Mar a fhoráiltear in Airteagal 63(2) de UNCLOS agus in Airteagal 8 de UNFSA, i gcás ina mbíonn an stoc céanna den speiceas gaolmhar nó na stoic chéanna den speiceas gaolmhar ann laistigh den limistéar eisiach eacnamaíoch, lasmuigh den limistéar agus cóngarach dó, ní mór don Stát cósta agus do na Stáit atá ag iascaireacht le haghaidh na stoc sin sa limistéar máguaird dul i gcomhar le chéile chun aontú ar na bearta is gá chun na stoic sin a chaomhnú sa limistéar máguaird. Féadfar an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó, mura bhfuil inniúlacht ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh maidir leis an stoc atá i gceist, trí bhíthin socruithe *ad hoc* i measc na dtíortha a bhfuil leas san iascach sin acu.

Le haontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NEAFC, cuirfear ar a cumas don Ríocht Aontaithe a bheith ag obair i gcomhar maidir leis na bearta bainistithe éisc is gá agus a áirithiú nach n-ídeofar an stoc/ na stoic ar bhealach neamh-inbhuanaithe mar thoradh ar na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar.

I bhfianaise leasanna iascaireachta dlisteanacha na Ríochta Aontaithe i Limistéar Choinbhinsiún NEAFC, oibleagáid na Ríochta Aontaithe chun a bheith obair i gcomhar maidir leis an mbainistiú iascaigh is gá, agus an gá le cineál ceangailteach Mholtaí NEAFC tar éis aontachas na Ríochta Aontaithe, molann an Coimisiún go nglacfar leis an iarratas ón Ríocht Aontaithe.

Tá sé beartaithe an Coimisiún a údarú chun Taiscí Choinbhinsiún NEAFC a chur ar an eolas maidir le seasamh an Aontais ar son aontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NEAFC.

3. BUNÚS DLÍ

3.1. Bunús dlí don nós imeachta

3.1.1. Na prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[10].

---

[9] Comhaontú maidir le cur chun feidhme fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i dtaca le caomhnú agus bainistiú stoc éisc traslimistéir - Dearbhú maidir le hinniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh - Dearbhuithe léiritheacha, IO L 189, 3.7.1998, lch 17.

[10] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

3.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Féadfaidh le haon Stát aontú do Choinbhinsiún NEAFC tráth ar bith. Formheastar an t-iarratas, más rud é, laistigh de 90 ón dáta a thugann an Taiscí fógra go bhfuil an t-iarratas faighte aige, go dtugann trí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha fógra don Taiscí maidir lena bhformheas ar an iarratas faoin dáta sin. Cuirfidh an Taiscí an Stát atá ag cur isteach ar an aontachas agus na Páirtithe Conarthacha go léir ar an eolas maidir le toradh an iarratais.

Tugtar an t-aontachas i bhfeidhm trí ionstraim aontachais a thaisceadh leis an Taiscí agus bíonn feidhm leis ar an dáta a fhaightear é. Cuireann an Taiscí na Sínitheoirí agus na Páirtithe aontacha go léir ar an eolas maidir le gach ionstraim daingniúcháin, ghlactha, fhormheasta nó aontachais a dhéantar a thaisceadh, agus cuireann sé Sínitheoirí ar an eolas maidir leis an dáta agus na Páirtithe ar ina leith a thiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm.

Nuair a bheidh aontachas na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm, beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 24 de Choinbhinsiún NEAFC agus féadfaidh sé tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach Choinbhinsiún NEAFC. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

3.2. Bunús dlí substainteach

3.2.1. Na prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá roinnt aidhmeanna ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá roinnt comhpháirteanna ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus na cinn eile mar aidhmeanna nó comhpháirteanna theagmhasacha, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús aonair dlí substainteach, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

3.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas iascaigh.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

3.3. Conclúid

Is é Airteagal 43 ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2020/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh a mhéid a bhaineann leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/510 ón gComhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 81/608/CEE[1] ón gComhairle, formheasadh an Coinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh[2] ('Coinbhinsiún NEAFC'), agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Márta 1982.

(2) Tá feidhm ag Coinbhinsiún NEAFC faoi láthair maidir leis an Ríocht Aontaithe mar thoradh ar an Aontas a bheith ina Pháirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún sin, a fhad is a chuirtear aontachas Bhallstáit an Aontais as an áireamh le hAirteagal 20(4) de Choinbhinsiún NEAFC.

(3) De bhun Airteagal 20(4) de Choinbhinsiún NEAFC, féadfaidh le haon Stát aontú do Choinbhinsiún NEAFC ar choinníoll go dtugann trí cheathrú de Pháirtithe uile Conarthacha an Choinbhinsiún formheas d'iarratas an Stáit sin ar aontachas laistigh de 90 lá ón dáta a thugann an Taiscí fógra go bhfuil an t-iarratas faighte aige.

(4) An 8 Eanáir 2019, chuir an Ríocht Aontaithe iarratas isteach chun aontú do Choinbhinsiún NEAFC mar Pháirtí Conarthach. Ar an dáta céanna, chuir an Taiscí an Coimisiún Eorpach ar an eolas maidir leis sin.

(5) An 25 Márta, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/510[3] maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú Choinbhinsiún NEAFC i dtaca leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe. Bhí an cinneadh sin fabhrach i leith aontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NEAFC agus glacadh é chun tuar a dhéanamh ar an gcás ina bhfágfadh an Ríocht Aontaithe an tAontas gan comhaontú um tharraingt siar. Dá bhrí

[1] Cinneadh 81/608/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1981 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh a thabhairt i gcrích (IO L 227, 12.8.1981, lch. 21).

[2] IO L 227, 12.8.1981, lch. 22.

[3] Cinneadh (AE) 2019/510 ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh i dtaca leis an iarratas ar aontachas leis an gCoinbhinsiún sin arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe (IO L 85, 27.3.2019, lch. 22).

sin, níor údaraíodh don Choimisiún le Cinneadh 2019/510 ach fógra a thabhairt faoi sheasamh an Aontais i gcás nár tugadh i gcrích aon chomhaontú um tharraingt siar.

(6) Anuas air sin, níor thug trí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha an formheas atá ag teastáil uathu don iarratas ar aontachas ón Ríocht Aontaithe: níor baineadh amach an córam de thrí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha atá ag teastáil chun an Taiscí a chur ar an eolas maidir lena bhformheas ar an iarratas.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 129(4) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach le linn na hidirthréimhse, féadfaidh an Ríocht Aontaithe comhaontuithe idirnáisiúnta, arna ndéanamh ina cáil féin i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, a chaibidil, a shíniú agus a dhaingniú, ar choinníoll nach dtiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm ná nach mbeidh feidhm acu le linn na hidirthréimhse, mura n-údaróidh an tAontas amhlaidh. Leagtar amach le Cinneadh 2020/135[4] ón gComhairle na coinníollacha agus an nós imeachta chun na húdaruithe sin a dheonú.

(8) Trí bhíthin na litreach uaithi an 3 Aibreán 2020, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún Eorpach faoina rún a toiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal ina cáil féin ag Coinbhinsiún NEAFC.

(9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme XXX[5] na Comhairle, údaraítear an Ríocht Aontaithe a toiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal ina cáil féin ag Coinbhinsiún NEAFC mar gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle.

(10) De bhun Airteagail 56, 63 agus 116 de UNCLOS[6], tá leasanna iascaireachta dlisteanacha ag an Ríocht Aontaithe laistigh de Limistéar Choinbhinsiún Choinbhinsiún NEAFC (mórmhuir) agus mar Stát cósta a mhéid a thagann na huiscí faoi limistéar eacnamaíoch eisiach na Ríochta Aontaithe laistigh de Limistéar Coinbhinsiúin Choinbhinsiún NEAFC.

(11) Chun iascach neamh-inbhuanaithe a chosc, is chun leas an Aontais é go n-oibreoidh an Ríocht Aontaithe i gcomhar chun stoc éisc leasa choitinn a bhainistiú i gcomhréir iomlán le forálacha UNCLOS agus le Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach a chur chun feidhme an 4 Lúnasa 1995 (UNFSA)[7] nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó norm den dlí idirnáisiúnta.

(12) Mar a fhoráiltear in Airteagal 63(2) de UNCLOS agus in Airteagal 8 de UNFSA, i gcás ina mbíonn an stoc céanna den speiceas gaolmhar nó na stoic chéanna den speiceas gaolmhar ann laistigh den limistéar eisiach eacnamaíoch, lasmuigh den limistéar agus cóngarach dó, ní mór don Stát cósta agus do na Stáit atá ag iascaireacht

---

4 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/XXX an [dáta] na Comhairle maidir le húdarú na Ríochta Aontaithe a toiliú a thabhairt a bheith faoi cheangal ina cáil féin ag comhaontuithe idirnáisiúnta áirithe atá ag teacht i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse i réimse chomhbheartas iascaigh an Aontais (IO L xxx, xxx, lch. xxx).

6 IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.

7 IO L 189, 3.7.1998, lch. 14.

le haghaidh na stoc sin sa limistéar máguaird dul i gcomhar le chéile chun aontú ar na bearta is gá chun na stoic sin a chaomhnú sa limistéar máguaird. Féadfar an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh. Le haontachas na Ríochta Aontaithe le Coinbhinsiún NEAFC, cuirfear ar a cumas don Ríocht Aontaithe dul i gcomhar maidir leis na bearta bainistithe iascaigh is gá, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí iascaireachta ar bhealach a mbeidh saothrú inbhuanaithe an stoic nó na stoc lena mbaineann mar thoradh air.

(13) Leis an aontachas sin curtha i gcrích sula dtéann an idirthréimhse in éag go fóill, cuirfear ar a cumas don Ríocht Aontaithe feidhm iomlán a thabhairt do na hoibleagáidí a eascraíonn ó UNCLOS i leith na mbeart caomhnaithe agus bainistithe a thiocfaidh i bhfeidhm ón uair a bheidh deireadh leis an idirthréimhse agus nach mbeidh feidhm ag dlí an Aontais ina leith a thuilleadh. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é an t-iarratas ar aontachas le Coinbhinsiún NEAFC arna dhéanamh ag an Ríocht Aontaithe a fhormheas faoi dhul in éag na tréimhse fógra dá dtagraítear in Airteagal 20(4) de Choinbhinsiún NEAFC.

(14) Ar mhaithe le soiléireacht agus le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart Cinneadh (AE) 2019/510 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcreat an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh ('Coinbhinsiún NEAFC') formheas a thabhairt d'iarratas na Ríochta Aontaithe ar aontachas le Coinbhinsiún NEAFC.

2. Údarófar don Choimisiún fógra a thabhairt do Thaiscí Choinbhinsiún NEAFC maidir le seasamh an Aontais faoi dhul in éag na tréimhse fógra dá dtagraítear in Airteagal 20(4) de Choinbhinsiún NEAFC.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/510.

Airteagal 3.

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán